2024/1400

24.5.2024

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2024/1400 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Márta 2024

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 a mhéid a bhaineann le sábháilteacht aeradróm, athrú oibreora aeradróim agus tuairisciú tarluithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2018/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle 4 Iúil 2018 maidir le rialacha comhchoiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta agus lena mbunaítear Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta de chuid an Aontais Eorpaigh, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2111/2005, Rialachán (CE) Uimh. 1008/2008, Rialachán (AE) Uimh. 996/2010, Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Treoir 2014/30/AE agus Treoir 2014/53/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CEE) Uimh. 3922/91 ([1]) ón gComhairle, agus go háirithe Airteagal 39 (1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) Uimh 139/2014 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim, lena n-áirítear a mbainistiú, a n-oibriú, a ndeimhniú agus a bhformhaoirseacht.

(2) I gcás ina n-éiríonn oibreoir aeradróim atá deimhnithe i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 as a oibríochtaí agus ina dtagann oibreoir aeradróim nua i réim, ba cheart don athrú tarlú ar bhealach lena n-áirítear aistriú sábháilte agus rianúil ar oibríochtaí an aeradróim.

(3) Ba cheart córas tuairiscithe tarluithe na n-oibreoirí aeradróm agus na soláthraithe seirbhísí bainistíochta naprúin a ailíniú le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]) chun comhsheasmhacht a áirithiú idir na Rialacháin sin.

(4) I gcás ina soláthraíonn oibreoirí aeradróm seirbhísí aerthráchta freisin, ba cheart na ceanglais maidir le faireachán ar chomhlíontacht a ailíniú le forálacha comhfhreagracha Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún ([4]) chun chomhtháthú faireacháin ar chomhlíontacht in aon chóras bainistíochta amháin a éascú.

(5) Le Rialachán (AE) Uimh. 139/2014, ceanglaítear ar oibreoirí aeradróim cláir shábháilteachta agus coistí sábháilteachta a bhunú agus a stiúradh. Thairis sin, le Doc 9981 *'Procedures for Air Navigation Services — Aerodromes'*, chuir an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta ('ICAO') forálacha sonracha leis maidir le comhdhéanamh agus feidhmiú na gcoistí sin. Dá bhrí sin, na forálacha maidir le feidhmiú na bhfoirne áitiúla maidir le sábháilteacht rúidbhealaigh agus na gcoistí eile maidir le sábháilteacht aeradróm, ba cheart iad a leasú chun na forbairtí sin ar leibhéal ICAO a léiriú.

(6) Ba cheart don oibreoir aeradróim plean a bhunú maidir le haistriú aerárthach míchumasaithe chun a áirithiú go bhfuil sásra comhordúcháin ar bun agus chun a áirithiú go bhfuil rochtain ar acmhainní agus ar threalamh.

(7) Ba cheart ceanglais comhchoiteanna íosta a leagan síos maidir le sábháilteacht oibríochta aeradróim bunaithe ar Chaighdeán agus Cleachtas Molta ICAO agus ar iniúchadh ar tharluithe sábháilteachta, mar sin ba cheart próiseas a chur ar bun chun sábháilteacht oibríochtaí aeradróim a bhainistiú, lena n-áirítear údaruithe, fógraí, bearta sábháilteachta, formhaoirseacht agus rialú.

([1]) IO L 212, 22.8.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1139/oj.

([2]) Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 ón gCoimisiún an 12 Feabhra 2014 lena leagtar síos ceanglais agus nósanna imeachta riaracháin a bhaineann le haeradróim de bhun Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 44, 14.2.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/139/oj).

([3]) Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 3 Aibreán 2014 maidir le tarluithe san eitlíocht shibhialta a thuairisciú, leis an anailís a dhéantar orthu agus leis na bearta leantacha a dhéantar ina leith, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 996/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 2003/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1321/2007 ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 1330/2007 ón gCoimisiún (IO L 122, 24.4.2014, lch. 18, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/376/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/373 ón gCoimisiún an 1 Márta 2017 lena leagtar síos ceanglais choiteanna le haghaidh soláthraithe seirbhísí bainistithe aerthráchta/seirbhísí aerloingseoireachta agus feidhmeanna eile líonra bainistithe aerthráchta agus a bhformhaoirseacht, lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 482/2008, Rialacháin Chur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1034/2011, (AE) Uimh. 1035/2011 agus (AE) 2016/1377 agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 677/2011 (IO L 62, 8.3.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/373/oj).

(8) Ba cheart rúidbhealaigh agus bealaigh innlithe, nó codanna díobh, atá dúnta, bíodh sé ar bhonn sealadach nó ar bhonn buan, a bheith marcáilte go hiomchuí, chun cosc a chur ar aerárthaigh iad a úsáid.

(9) Ba cheart úsáid aeradróim ag aerárthach a sháraíonn saintréithe deartha deimhnithe an aeradróim a mheasúnú agus ba cheart formheas a fháil roimh ré ón údarás inniúil chun a áirithiú go bhfuil measúnú agus maolú ceart déanta ar na rioscaí sábháilteachta ar fad.

(10) Ba cheart áiteanna ar an limistéar gluaiseachtaí ar ar tharla imbhualadh nó ionradh rúidbhealaigh cheana, nó lena mbaineann riosca go bhféadfadh sin tarlú, a shainaithint agus a ainmniú ina 'theophointí' agus ba cheart na rioscaí gaolmhara a mhaolú chun an riosca ionraidh rúidbhealaigh chomh maith leis an riosca imbhuailte idir aerárthaigh agus idir aerárthaigh agus feithiclí a chosc.

(11) Ba cheart fionraí nó dúnadh oibríochtaí rúidbhealaigh a dhéanamh ar bhealach sábháilte agus comhordaithe, dá bhrí sin, ba cheart don oibreoir aeradróim nósanna imeachta iomchuí a bhunú agus a chur chun feidhme.

(12) Féadfar damáiste a dhéanamh do phábhálacha nuair a bhíonn aerárthaigh throma á n-úsáid go hiomarcach, dá bhrí sin, ba cheart nósanna imeachta iomchuí a bhunú maidir le hoibríochtaí ró-ualaithe chun oibriú aerárthach den sórt sin a rialáil agus chun díghrádú iomarcach na bpábhálacha a chosc.

(13) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 a leasú dá réir sin.

(14) Chun cur chun feidhme rianúil na mbeart arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo a áirithiú agus leibhéal ard aonfhoirmeach de shábháilteacht eitlíochta sibhialta san Aontas á choinneáil ar bun, ba cheart a ndóthain ama a thabhairt don earnáil agus d'údaráis inniúla na mBallstát oiriúnú do na bearta arna dtabhairt isteach leis an Rialachán seo, agus mar sin ba cheart feidhm a bheith aige 12 mhí tar éis dó teacht i bhfeidhm,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 139/2014

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 139/2014 mar a leanas:

(1) cuirtear an mhír 4 seo a leanas le hAirteagal 7:

'4. Aistreofar an DAAD atá ceangailte leis an deimhniú chuig an t-oibreoir aeradróim nua a bhfuil oibriú an aeradróim le haistriú chuige, ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 3.';

(2) Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III agus IV i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Dáta teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 24 Bealtaine 2025.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Márta 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN|

Leasaítear Iarscríbhinní I, II, III agus IV a ghabhann le Rialacháin (AE) Uimh. 139/2014 mar a leanas:

(1) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an pointe (4a) seo a leanas:

'(4a) ciallaíonn 'dlús tráchta [aeradróim]' líon na ngluaiseachtaí sa mheánbhuaic-uaire agus is é sin meán uimhríochtúil líon na ngluaiseachtaí le linn na buaic-uaire laethúla i gcaitheamh bliana,'

(b) cuirtear isteach an pointe (19b) seo a leanas:

'(19b) ciallaíonn 'teophointe' áit in limistéar gluaiseachtaí aeradróim ar ar tharla imbhualadh nó ionradh rúidbhealaigh cheana, nó lena mbaineann riosca go bhféadfadh sin tarlú, agus a bhfuil gá le haird mhéadaithe píolótaí/tiománaithe ina leith;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (47):

'(47) ciallaíonn 'téarmaí an deimhnithe' na nithe seo a leanas ar fad:

— táscairí suímh ICAO;

— coinníollacha maidir le hoibriú (VFR/IFR, lá/oíche);

— oibríochtaí eitleáin ar rúidbhealaí geimhridh sainullmhaithe;

— rúidbhealach — achair dearbhaithe;

— cineálacha rúidbhealaigh agus ascnaimh a sholáthraítear;

— cód tagartha aeradróim;

— raon feidhme oibríochtaí aerárthaigh a sháraíonn saintréithe deartha deimhnithe an aeradróim;

— soláthar seirbhísí bainistíochta naprúin (is ann dóibh/ní ann dóibh);

— leibhéal cosanta tarrthála agus comhraic dóiteáin;';

(2) Leasaítear Iarscríbhinn II mar a leanas:

(a) i bpointe ADR.AR.C.035, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

'(c) Eiseoidh an tÚdarás Inniúil an deimhniú/na deimhnithe dá dtagraítear i bpointe (b) nuair a léireoidh an t-oibreoir aeradróim chun sástacht an Údaráis Inniúil go gcomhlíonann sé pointí ADR.OR.B.025 agus ADR.OR.E.005. I gcás ina n-athraítear an t-oibreoir, ní cheanglófar ar an oibreoir aeradróim nua a léiriú go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach i bpointe ADR.OR.B.025(a)(1) agus pointe ADR.OR.E.005, má bhaineann na ceanglais sin le gnéithe gan athrú.';

(b) cuirtear an pointe seo a leanas isteach ADR.AR.C.060:

'**ADR.AR.C.060 Athrú ar oibreoir aeradróim**

Tar éis don Údarás Inniúil iarratas ar athrú ar oibreoir aeradróim a fháil, i gcomhréir le pointe ADR.OR.B.060, déanfaidh sé:

(a) an deimhniú/na deimhnithe nua a eisiúint, i gcomhréir le pointe ADR.AR.C.035;

(b) aon deimhniú/deimhnithe roimhe sin a chúlghairm,';

(3) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an pointe seo a leanas ADR.OR.B.060:

'**ADR.OR.B.060 Athrú ar oibreoir aeradróim**

(a) Tabharfaidh an t-oibreoir aeradróim reatha fógra don Údarás Inniúil faoin dáta a tharlóidh an t-aistriú.

(b) Cuirfidh an t-oibreoir nua a bhfuil oibriú an aeradróim le haistriú chuige isteach ar dheimhniú ón údarás inniúil, roimh an dáta a tharlóidh an t-aistriú, i gcomhréir le pointe ADR.OR.B.015.

(c) Léireoidh an t-oibreoir nua a bhfuil oibriú an aeradróim le haistriú chuige comhlíontacht i gcomhréir le pointe ADR.OR.B.025. Ní cheanglófar ar an oibreoir aeradróim nua a léiriú go gcomhlíonann sé na ceanglais a leagtar amach i bpointe ADR.OR.B.025(a)(1) agus pointe ADR.OR.E.005, a mhéid a bhaineann na ceanglais sin le gnéithe gan athrú.';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ADR.OR.C.030:

'**ADR.OR.C.030 Tuairisciú tarluithe**

(a) Mar chuid dá chóras bainistíochta, déanfaidh an t-oibreoir aeradróim córas tuairiscithe tarluithe a bhunú agus a choinneáil ar bun, lena n-áirítear tuairisciú éigeantach agus dheonach. Déanfaidh an t-oibreoir aeradróim a áirithiú go gcomhlíonann an córas na ceanglais is infheidhme de Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139, chomh maith leis na ceanglais is infheidhme de na gníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme a glacadh ar bhonn na Rialachán sin.

(b) Tuairisceoidh an t-oibreoir aeradróim don údarás inniúil, agus d'aon eagraíocht eile a chuireann an Ballstát de cheangal air tuairisciú di, a chur ar an eolas faoi aon imeacht nó coinníoll a bhaineann le sábháilteacht a chuireann aerárthach, na daoine ar bord nó aon duine eile i mbaol, nó a chuirfeadh i mbaol iad mura gceartófaí é nó mura dtabharfaí aghaidh air, agus aon tionóisc nó teagmhas tromchúiseach go háirithe.

(c) Sa bhreis ar thuarascálacha a chuirtear isteach i gcomhréir le pointe (b), tuairisceoidh an t-oibreoir aeradróim don údarás inniúil agus don eagraíocht atá freagrach as dearadh threalamh an aeradróim aon mhífheidhm, fabht teicniúil, sárú ar theorainneacha teicniúla, tarlú nó imthoisc neamhrialta eile a chuir aerárthach, na daoine ar bord nó aon duine eile i mbaol, nó a d'fhéadfadh iad a chur i mbaol, agus nach raibh ina chúis le tionóisc nó le teagmhas tromchúiseach.

(d) Gan dochar do Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 ná dá ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, maidir leis na tuarascálacha dá dtagraítear i bpointe (c):

(1) déanfar iad a luaithe is indéanta, ach in aon chás laistigh de 72 uair an chloig tar éis don oibreoir aeradróim a theacht ar an eolas faoin imeacht nó coinníoll lena mbaineann an tuarascáil, ach amháin i gcás ina gcuireann imthosca eisceachtúla cosc air sin;

(2) déanfar iad i bhfoirm agus ar mhodh arna bunaíodh ag an Údarás Inniúil;

(3) beidh gach faisnéis ábhartha iontu faoin gcoinníoll atá ar eolas ag an oibreoir aeradróim.

(e) D'ainneoin Rialachán (AE) Uimh. 376/2014 agus a ghníomhartha tarmligthe agus cur chun feidhme, i gcás tuarascálacha a cheanglaítear le pointe (c), cuirfidh an t-oibreoir aeradróim tuarascáil leantach isteach ina soláthrófar sonraí na ngníomhaíochtaí a bhfuil sé beartaithe ag an oibreoir aeradróim a dhéanamh chun tarluithe comhchosúla a chosc amach anseo. Cuirfear an tuarascáil leantach isteach a luaithe a bheidh na gníomhaíochtaí sin sainaitheanta, agus:

(1) seolfar í chuig na heintitis ábhartha a ndearnadh tuairisciú dóibh i dtús báire i gcomhréir le pointí (b) agus (c);

(2) déanfar í i bhfoirm agus ar mhodh arna sainiú ag an Údarás Inniúil.';

(c) i bpointe ADR.OR.D.005(b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (11):

'(11) feidhm chun faireachán a dhéanamh ar chomhlíontacht na heagraíochta leis na ceanglais ábhartha agus leordhóthanacht na nósanna imeachta; cumhdaítear san fhaireachán ar chomhlíontacht córas aiseolais ar thorthaí don bhainisteoir freagrach chun a áirithiú go gcuirfear bearta ceartaitheacha chun feidhme go héifeachtúil de réir mar is gá.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ADR.OR.D.025:

'**ADR.OR.D.025 Comhordú le heagraíochtaí eile**

Déanfaidh an t-oibreoir aeradróim a áirithiú:

(a) go dtugann a chóras bainistíochta aghaidh ar chomhordú agus comhéadan le nósanna imeachta sábháilteachta eagraíochtaí eile a oibríonn nó a sholáthraíonn seirbhísí ag an aeradróm;

(b) go bhfuil nósanna imeachta sábháilteachta i bhfeidhm ag na heagraíochtaí sin chun na ceanglais is infheidhme de Rialachán (AE) Uimh. 2018/1139 agus dá ghníomhartha tarmligthe agus chur chun feidhme a chomhlíonadh, chomh maith leis an lámhleabhar aeradróim a bunaíodh agus atá á choinneáil i gcomhréir le pointe ADR.OR.E.005 den Iarscríbhinn seo.';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ADR.OR.D.027:

'**ADR.OR.D.027 Cláir shábháilteachta agus coistí sábháilteachta aeradróim**

(a) Mar chuid dá chóras bainistíochta, déanfaidh an t-oibreoir aeradróim cláir shábháilteachta a bhunú, a chur chun feidhme agus a stiúradh, cláir chun an tsábháilteacht a chur chun cinn agus a fheabhsú, lena n-áirítear sábháilteacht rúidbhealach agus malartú faisnéise ábhartha maidir le sábháilteacht leis na heagraíochtaí ábhartha ar fad a oibríonn nó a sholáthraíonn seirbhísí ag an aeradróm. Déanfaidh an t-oibreoir aeradróim éifeachtacht a chlár sábháilteachta a athbhreithniú, ar bhonn bliantúil ar a laghad.

(b) Mar chuid de na cláir shábháilteachta dá dtagraítear i bpointe (a), déanfaidh an t-oibreoir aeradróim:

(1) foireann áitiúil maidir le sábháilteacht rúidbhealaigh agus coistí eile sábháilteachta aeradróim a bhunú, agus a stiúradh; agus beidh sé freagrach as a bhfeidhmiú;

(2) iarraidh ar na heagraíochtaí ábhartha ar fad a oibríonn nó a sholáthraíonn seirbhísí ag an aeradróm a bheith rannpháirteach san fhoireann áitiúil maidir le sábháilteacht rúidbhealaigh agus i gcoistí eile sábháilteachta aeradróim trí ionadaithe ainmnithe a bhfuil an saineolas oibríochtúil iomchuí agus oiriúnach acu maidir le hábhar na foirne áitiúla maidir le sábháilteacht rúidbhealaigh nó le hábhar an choiste/na gcoistí sábháilteachta aeradróim faoi seach.

(c) Déanfaidh an t-oibreoir aeradróim a áirithiú:

(1) go dtionólfaidh an fhoireann áitiúil maidir le sábháilteacht rúidbhealaigh agus na coistí eile sábháilteachta aeradróim cruinnithe go tráthrialta, agus déanfar a minicíocht a chinneadh bunaithe ar na nithe seo a leanas [ar a laghad]:

(i) dlús tráchta an aeradróim;

(ii) castacht leagan amach an aeradróim;

(iii) an cineál oibríochtaí;

(iv) na tarluithe sábháilteachta ag an aeradróim agus na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann, de réir na hanailíse orthu;

(2) go ndéanfar taifead ar mholtaí agus gníomhaíochtaí na foirne áitiúla maidir le sábháilteacht rúidbhealaigh agus na gcoistí eile sábháilteachta aeradróim i bplean gníomhaíochta agus go ndéanfar bearta leantacha orthu chun a áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad go tráthúil.

(d) Déanfaidh an fhoireann áitiúil maidir le sábháilteacht rúidbhealaigh agus coistí eile sábháilteachta aeradróim:

(1) tacaíocht a thabhairt do shainaithint agus athbhreithniú ildisciplíneach ar shaincheisteanna áitiúla maidir le sábháilteacht, go háirithe maidir le sábháilteacht rúidbhealaigh;

(2) bearta maolaithe féideartha agus pleananna gníomhaíochta ábhartha a mholadh lena gcur chun feidhme ag na heagraíochtaí lena mbaineann chun an tsábháilteacht a fheabhsú;

(3) cuimhneamh ar an ngá le feachtais feasachta áitiúla tráthrialta maidir le sábháilteacht agus cláir oiliúna chomhpháirteacha do phearsanra na heagraíochtaí ar fad lena mbaineann.

(e) Déanfaidh an t-oibreoir aeradróim nós imeachta nó nósanna imeachta a bhunú agus a chur chun feidhme chun cur chun feidhme pointí (a) go dtí (d) a áirithiú.';

(f) i bpointe ADR.OR.D.030, cuirtear an pointe (ab) seo a leanas isteach:

'(ab) Bunóidh an t-oibreoir aeradróim socruithe tuairiscithe leis na heagraíochtaí ar fad a oibríonn nó a sholáthraíonn seirbhísí ag an aeradróim agus a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag a ngníomhaíochtaí nó a dtáirgí ar shábháilteacht aerárthaí.';

(g) i bpointe ADR.OR.F.055, cuirtear an pointe (e) seo a leanas isteach:

'(e) Déanfaidh an eagraíocht atá freagrach as AMS a sholáthar a áirithiú go dtuairisceofar aon tarlú don té a chomhlíonann feidhm a bhaineann le bainistíocht sábháilteachta na hoibreora aeradróim, i gcomhréir le hAirteagal 4(6), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 376/2014,';

(4) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) cuirtear isteach an pointe ADR.OPS.B.011 seo a leanas:

‘**ADR.OPS.B.011 Aerárthaí míchumasaithe a aistriú**

(a) Déanfaidh an t-oibreoir aeradróim plean a bhunú maidir le haerárthach míchumasaithe atá ar an limistéar gluaiseachtaí, nó in aice leis, a aistriú, agus comhordaitheoir aeradróim a ainmniú chun an plean a chur chun feidhme.

(b) Áireofar sa phlean maidir le haerárthach míchumasaithe a aistriú na nithe seo a leanas:

(1) sonraí teagmhála chomhordaitheoir oibríochtaí an aeradróim a bhaineann le haistriú aerárthaigh mhíchumasaithe ar an limistéar gluaiseachtaí, nó in aice leis;

(2) freagrachtaí, gníomhaíochtaí agus bealaí cumarsáide i leith gach eagraíochta lena mbaineann;

(3) liosta trealaimh agus liosta pearsanra ag an aeradróim, nó cóngarach dó, agus atá ar fáil chun na críche sin;

(4) socruithe maidir le pacaí trealamh aisghabhála aerárthaigh a fháil go mear ó aeradróim eile, mar is infheidhme.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ADR.OPS.B.070:

‘**ADR.OPS.B.070 Sábháilteacht oibríochtaí aeradróim**

(a) Déanfaidh an t-oibreoir aeradróim próiseas a bhunú agus a chur chun feidhme, próiseas chun sábháilteacht oibríochtúil an aeradróim a bhainistiú le linn oibríochtaí ar an limistéar gluaiseachtaí.

(b) Déanfaidh an próiseas na freagrachtaí a bhunú agus a thaifead, a mhéid a bhaineann leis na rudaí seo a leanas:

(1) an t-údarú oibríochtaí a dhéanamh;

(2) cur chun feidhme aon athraithe mholta ar shaoráidí oibríochtúla;

(3) an dáta agus an t-am a bheidh oibríochtaí sna saoráidí teoranta nó a chuirfear deireadh leo;

(4) na modhanna lena bhfógrófar athraithe den sórt sin;

(5) formhaoirseacht agus rialú ar an obair idir lámha;

(6) comhlíontacht leis na rialacha ábhartha uile sábháilteachta maidir leis an limistéar gluaiseachtaí.

(c) Áireofar leis an bpróiseas chun sábháilteacht oibríochtúla an aeradróim a bhainistiú le linn oibreacha, na heilimintí seo a leanas:

(1) nós imeachta chun oibreacha a phleanáil;

(2) nós imeachta maidir le measúnú sábháilteacht ar na hathruithe atá beartaithe maidir le hoibríochtaí nó córais an aeradróim;

(3) nós imeachta chun oibreacha a údarú;

(4) nós imeachta maidir le fógairt faisnéise a bhaineann leis na hoibreacha;

(5) nós imeachta maidir le suíomh oibre a bhunú agus le filleadh ar oibríochtaí;

(6) nós imeachta maidir le faireachán, formhaoirseacht agus rialú ar na hoibreacha.

(d) I gcás ina gcaithfear oibríochtaí faid rúidbhealaigh laghdaithe a dhéanamh de bharr oibreacha, forbróidh agus cuirfidh an t-oibreoir aeradróim chun feidhme nós imeachta le haghaidh oibríochtaí den sórt sin.’;

(c) cuirtear isteach an pointe ADR.OPS.B.071 seo a leanas:

‘**ADR.OPS.B.071 Dúnadh rúidbhealaí agus bealaí innlithe, nó codanna díobh**

(a) Déanfaidh an t-oibreoir aeradróim a áirithiú go dtaispeánfar marcálacha dúnta ar:

(1) rúidbhealach nó bealach innlithe, nó cuid díobh, atá dúnta go buan do gach aerárthach;

(2) rúidbhealach nó bealach innlithe, nó cuid díobh, atá dúnta go sealadach, ach amháin gur féidir na marcálaithe a fhágáil ar lár nuair is ar feadh tréimhse ghearr atá an dúnadh agus nuair a sholáthraíonn na seirbhísí aerthráchta rabhadh leordhóthanach.

(b) De mhaolú ar phointe (a), ní gá marcáil dhúnta a thaispeáint ar bhealach innlithe, nó codanna de, atá dúnta go buan, má tá an bealach isteach don bhealach innlithe dúnta, nó do na codanna de, marcáilte agus lasta le soilse agus marcóirí a chuireann neamh-inúsáidteacht in iúl.

(c) Déanfaidh an t-oibreoir aeradróim a áirithiú go mbainfear gach marcáil rúidbhealaigh agus bealaigh innlithe go fisiciúil i gcás ina ndúnfar rúidbhealach nó bealach innlithe, nó codanna díobh, go buan.

(d) Déanfaidh an t-oibreoir aeradróim a áirithiú nach oibreofar soilsiú ar rúidbhealach nó ar bhealach innlithe, nó cuid díobh, atá dúnta, ach amháin mar is gá chun críoch cothabhála.

(e) Déanfaidh an t-oibreoir aeradróim a áirithiú go gcuirfear soilse a chuireann neamh-inúsáidteacht in iúl trasna an bhealach isteach chuig an limistéar atá dúnta, chomh maith le marcálacha 'dúnta', i gcás ina mbeidh rúidbhealach, bealach innlithe, nó cuid díobh, dúnta, agus rúidbhealach nó bealach innealta a úsáidtear san oíche á thrasnú.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe ADR.OPS.B.090:

'**ADR.OPS.B.090 Úsáid an aeradróim ag aerárthaigh a sháraíonn saintréithe deartha deimhnithe an aeradróim**

(a) Chun úsáid an aeradróim nó codanna de a cheadú i gcás aerárthaí a sháraíonn an cód litreach nó raon príomhrotha fiaclaigh lasmuigh, nó an dá rud, maidir le saintréithe deartha deimhnithe an aeradróim, déanfaidh an t-oibreoir aeradróim iarratas ar fhormheas roimh ré ón Údarás Inniúil; ní gá formheas den sórt sin i gcásanna éigeandála aerárthaigh

(b) San iarratas ar an bhformheas roimh ré ón Údarás Inniúil i gcás aerárthach dá dtagraítear i bpointe (a), cuirfidh an t-oibreoir aeradróim san áireamh measúnú ar thionchar na saintréithe aerárthaigh seo a leanas ar bhonneagar, saoráidí, trealamh, agus oibriú an aeradróim, agus *vice versa*:

(1) raon sciatháin;

(2) raon príomhrotha fiaclaigh lasmuigh;

(3) rothfhad;

(4) fad na cabhlach;

(5) leithead na cabhlach;

(6) airde na cabhlach;

(7) geoiméadracht an tsoic;

(8) airde an deiridh;

(9) glanspás ceartingearach na rinne sciatháin;

(10) radharc ó chró an phíolóta;

(11) achar idir suíomh súl an phíolóta agus fearas tuirlingthe an tsoic;

(12) leagan amach an phríomhfhearais tuirlingthe;

(13) córas stiúrtha an fhearais;

(14) uasmhais an aerárthaigh;

(15) geoiméadracht an fhearais tuirlingthe, brú na mbonn agus luachanna aicmiúcháin an aerárthaigh;

(16) saintréithe an innill;

(17) uasacmhainn iompair paisinéirí agus uastoilleadh breosla;

(18) feidhmíocht eitilte.'

(e) cuirtear isteach na pointí ADR.OPS.B.095 agus ADR.OPS.B.100 seo a leanas:

'**ADR.OPS.B.095 Teophointeí**

(a) Nuair is gá, ainmneoidh an t-oibreoir aeradróim áit nó áiteanna ar limistéar gluaiseachtaí an aeradróim ina 'teophointe' nó ina 'dteophointí', mar chuid den chlár sábháilteachta a bhunaigh sé i gcomhréir le ADR.OR.D.027.

(b) Agus teophointe sainaitheanta, déanfaidh an t-oibreoir aeradróim bearta a chur chun feidhme chun an ghuais a bhaint, agus mura bhfuil sé sin indéanta láithreach, cuirfidh sé faisnéis aerloingseoireachta ábhartha chuig an aonad seirbhíse faisnéise aerloingseoireachta (AIS) atá freagrach lena foilsiú san fhoilseachán faisnéise aerloingseoireachta (AIP).

ADR.OPS.B.100 Fionraí ar oibríochtaí rúidbhealaigh agus dúnadh rúidbhealaigh

(a) Déanfaidh an t-oibreoir aeradróim, i gcomhar le seirbhísí aerthráchta, nósanna imeachta le haghaidh fionraí sealadach ar oibríochtaí rúidbhealaigh nó dúnadh pleanáilte rúidbhealaigh, a bhunú agus a chur chun feidhme.

(b) Beidh na nithe seo a leanas sna nósanna imeachta:

(1) róil agus freagrachtaí an oibreora aeradróim, na seirbhísí aerthráchta agus eagraíochtaí eile atá bainteach le hoibríochtaí aeradróim, mar is iomchuí de réir an cháis;

(2) rochtain pearsanra ar an rúidbhealach dúnta;

(3) bearta sábháilteachta i gcomhréir le pointí ADR.OPS.B.070 agus ADR.OPS.B.071;

(4) foilsiú NOTAM i gcomhréir le pointe ADR.OPS.A.057, ach amháin nuair atá coinne leis go mairfidh an fionraí ar oibríochtaí rúidbhealaigh tréimhse ghearr;

(5) gníomhaíochtaí roimh atosú oibríochtaí rúidbhealaigh.';

(f) cuirtear isteach an pointe ADR.OPS.C.011 seo a leanas:

'**ADR.OPS.C.011 Oibríochtaí ró-ualaithe**

Aon uair a bhfuil coinne leis go mbeidh an aeradróim in úsáid go tráthrialta ag aerárthaí a d'fhéadfadh dochar a dhéanamh do na pábhálacha, déanfaidh an t-oibreoir aeradróim critéir maidir le hoibríochtaí ró-ualaithe a bhunú.'.